OÉ Gaillimh
NUI Galway

2010

CÚRSAÍ SA GHAEILGE AGUS SAN OIDHREACHT CHULTÚRTHA

COURSES IN IRISH AND CULTURAL HERITAGE

Cé muid féin?
Who are we?

Is é Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge institiúid cheannródaíoch Ollscoil na hÉireann, Gaillimh don Ollscolaíocht trí Ghaeilge. Cuireann an tAcadamh cúrsaí nuálacha agus ceannródaíocha ar fáil ag leibhéal Dioplóma, Céime, Ard-Dioplóma agus Máistreachta. Tá an tAcadamh ag tabhairt tosaíochta do sheachadadh cúrsaí sna réimsí seo a leanas ar mhaithe le freastal ar riachtanais chomhaimseartha phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge: An Ghaeilge Fheidhmeach–Scríobh agus Labhairt na Teanga; Béaloideas; an Chumarsáid; Riarachán Gnó; an tAistriúchán; Ateangaireacht; Reachtaíocht & Dlí; Oideachas; Pleanáil Teanga; na Taibh-Ealaíona agus Teicneolaíocht na Faisnéise.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, is NUI Galway's pioneering Academy for Irish-Medium Studies. The Acadamh provides innovative and pioneering graduate and postgraduate programmes at third and fourth level. The Acadamh is prioritising the provision of programmes in the following interdisciplinary areas to meet the contemporary needs of Gaeltacht and Irish-Speaking Communities: The Irish Language – Written & Spoken, Folklore, Communication Studies, Business Administration, Translation Studies, Conference Interpreting, Legislative and Legal Translation, Education, Language Planning, the Performing Arts and Information Technology.

Tuilleadh Eolais / Find out more
www.oegaillimh.ie/acadamh

Na hIonaid / Our locations

Ionad an Acadaimh: Áras Mháirtín Uí Chadhain, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe

Tá an tIonad suite i lár shráidbhaile na Ceathrún Rua, áit atá i gcroílár Ghaeltacht Chonamara, timpeall agus 50 nóiméad (43km) siar ar bhóthar an chósta ó Chathair na Gaillimhe. Ainmníodh an tIonad in ómós an scríbhneora, Máirtín Ó Cadhain, fear a chaith a shaol ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn.

Tá deis ag an rannpháirtí trí chomhrá nádúrtha le pobal na háite an méid a fhoghlaimítear go foirmiúil sa rang a chleachtadh. Eagraítear gníomhaíochtaí cultúrtha, ceardlanna damhsa, amhránaíocht ar an sean-nós chomh maith le cuairt a thabhairt ar áiseanna spéisiúla sa cheantar. Tá scoth na n-áiseanna teagaisc nua-aimseartha san Ionad.

National University of Ireland, Galway's centre in an Cheathrú Rua is situated 43km west of Galway City in the heart of the Conamara Gaeltacht. This centre was named in honour of the writer Máirtín Ó Cadhain, a man who spent his lifetime promoting the Irish language.

The Gaeltacht location enables the participant to maximise his/her contact with the language and to consolidate what is formally learnt in the classroom through informal conversation in an Irish speaking environment. All course programmes include traditional and cultural activities –workshops on Irish dancing, traditional singing and visits to local places of interest. The centre is well equipped with modern teaching aids.

Ionad an Acadaimh: Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna

Tá an tIonad suite ar leithinis Iorras Aithneach i gCarna, Conamara, 50 míle siar ó chathair na Gaillimhe, na Beanna Beola le feiceáil ó thuaidh agus an fharraige mhór ó dheas. Bunaíodh an tIonad i 1998 agus ainmníodh é in omós do Shorcha Ní Ghuairim (1911-1977), bean as Carna a bhain cáil mhór amach mar bean léinn, mar iriseoir agus mar amhránaí ar an sean-nós.

Tá sárshaibhreas chultúr traidisiúnta an cheantair go follasach fós sa lá atá inniu ann, mar is léir ón méid amhránaithe sean-nóis, damhsóirí agus ceoltóirí clúiteacha de bhunadh na háite. Ní hamháin gurb í an Ghaeilge teanga an phobail in abhantrach Áras Shorcha Ní Ghuairim, ach is gné lárnach de shaol laethúil na bpobal áitiúil an cultúr, an ceol agus an traidisiún Gaelach.

Cothóidh ár gcúrsaí cultúir agus teanga timpeallacht nádúrtha, áit a mbeidh an sealbhú teanga agus tumadh sa chultúr ar siúl lámh ar láimh. Rachaidh sé seo go mór chun leasa na mac léinn a thiocfaidh ar cuairt chugainn.

The Centre is situated in Carna in Connemara, 50 miles west of Galway city on the Iorras Aithneach peninsula, with the Twelve Bens to the North and the Atlantic to the West and South. Established in 1998 the Centre is named in honour of Sorcha Ní Ghuairim (1911 – 1977), a native of Carna and a renowned Irish language scholar, journalist and sean-nós singer.

The area's wealth of culture and tradition is still evident today from the number of renowned sean-nós singers, dancers and musicians who hail from the Carna area. Not only is Irish the vernacular language of the present day environs of Áras Shorcha Ní Ghuairim but the Gaelic culture, music and tradition are a salient aspect of the everyday lives of the local communities.

Our cultural and language programmes will engage visiting students in a truly innate setting where language acquisition and cultural immersion go hand in hand.

Cúrsaí do Dhaoine Fásta / Courses for Adults

Tá na cúrsaí seo a leanas ar fáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua (Ionad Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh).

Dianchúrsaí Seachtaine agus Coicíse i Labhairt na Gaeilge do dhaoine fásta:

Tá na cúrsaí seo feiliúnach do:
(a) Éireannaigh a rinne staidéar ar an nGaeilge ar scoil (m.sh. iad siúd a bhfuil 'Gaeilge na Scoile' acu).
(b) Eachtrannaigh a bhfuil dianstaidéar déanta ar an nGaeilge acu le 2 nó 3 bliana anuas.

Gaeilge a labhraítear ar an gcúrsa agus is i nGaeilge freisin a reáchtáiltear gach uile ghné den chúrsa maidir le teagasc, imeachtaí sóisialta, lóistín &rl.

Cúrsaí Seachtaine		**Táille €250**
A	05 -09 Aibreán 2010	
B	28 Meitheamh - 02 Iúil 2010	
C	05 - 09 Iúil 2010	
D	30 Lúnasa - 03 Meán Fómhair 2010	

Cúrsaí Coicíse		**Táille €410**
E	28 Meitheamh - 09 Iúil 2010	
F	02 - 13 Lúnasa 2010	

Tá aitheantas á lorg faoi láthair ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta do na cúrsaí seo.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Cheathrú Rua (Irish Language Centre, NUI Galway) offers the following courses:

'One & Two week intensive course in spoken Irish for adults.

These courses are suitable for:
(a) Irish nationals who have studied Irish at school.
(b) Non-Irish nationals who have studied Irish intensively for 2 - 3 years.

Irish is the usual day to day language of the course and all aspects of the course (tuition, social activities, accommodation etc.) are conducted through Irish.

One week courses		**Fee €250**
A	05 - 09 April 2010	
B	28 June - 02 July 2010	
C	05 - 09 July 2010	
D	30 August - 03 September 2010	

Two week courses		**Fee €410**
E	28 June - 09 July 2010	
F	02 - 13 August 2010	

These courses are being considered for recognition by An Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Cúrsaí san Oidhreacht Chultúrtha / Courses in Cultural Heritage

Tá an cúrsa thíosluaite á thairiscint ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ina Ionad Oideachais agus Cultúir (Áras Shorcha Ní Ghuairim) i gCarna.

Cúrsa Seachtaine san Oidhreacht Chultúrtha agus sa Bhéaloideas.

- Tá an cúrsa dírithe go háirithe orthu siúd ar spéis leo tuiscint níos doimhne a fháil ar an gcultúr agus ar an oidhreacht thraidisiúnta , chomh maith le cumas bunúsach i labhairt na Gaeilge a bhaint amach.
- Cuirfear gníomhaíochtaí agus léirithe cultúrtha ar siúl, agus tabharfar deis do mhic léinn a bheith páirteach iontu.
- Beidh idir ranganna, léiriúcháin, ceardlanna, taispeántais agus turais go dtí láithreacha oidhreachta á gcur ar fáil ar an gcúrsa.

Táille Cúrsa Seachtaine: **€300**

Lóistín:
€205 ag roinnt seomra
€280 seomra singil

Ó thráthnóna Déardaoin go dtí iarnóin Dé Céadaoin
A 29 Aibreán – 5 Bealtaine 2010
B 5 – 11 Lúnasa 2010

Tuilleadh eolais: 095 32834

Acadamh na hOllscolaíochta, Gaeilge offers the following course at its Irish Language and Cultural Centre (Áras Shorcha Ní Ghuairim) in Carna.

One week course in Irish Language folklife, folklore and cultural heritage.

- This course is primarily directed at those wishing to expand their understanding of traditional culture and heritage whilst acquiring a basic competency in spoken Irish.
- A practical experience of traditional cultural activities and performances will be offered through student participation.
- This course will comprise of classes, presentations, workshops, demonstrations and field trips.

One week course fee: **€300**

Accommodation:
€205 sharing
€280 single room

From Thursday evening to Wednesday afternoon
A 29 April – 5 May 2010
B 5 – 11 August 2010

More information: 095 32834

Cúrsaí do Dhaoine Fásta / Courses for Adults

Dianchúrsaí do Bhunmhúinteoirí ar mian leo an Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge a dhéanamh.

Cúrsa Seachtaine (Faoi Cháisc):	**27 Márta - 04 Aibreán 2010**
Táillí Teagaisc:	€251
Lóistín Iomlán:	€305 Ag roinnt seomra (le rannpháirtí amháin eile).
	€425 Seomra singil.

Cúrsa Seachtaine:	**01 - 09 Iúil 2010**
Táillí Teagaisc:	€251
Lóistín Iomlán:	€305 Ag roinnt seomra (le rannpháirtí amháin eile).
	€425 Seomra singil.

Cúrsa Coicíse:	**01 - 16 Iúil 2010**
Táillí Teagaisc:	€494
Lóistín Iomlán:	€545 Ag roinnt seomra (le rannpháirtí amháin eile).
	€740 Seomra singil.

Foirmeacha iarratais ar leith ar fáil
Fón: 091 595101 / 595038

Intensive courses for Primary Teachers seeking the SCG Qualification in Irish.

One week Course (Easter time):	**27 March - 04 April 2010**
Tuition and Fees:	€251
Accommodation:	€305 sharing (with one other participant: Full Board).
	€425 single room.

One week Course:	**01 - 09 July 2010**
Tuition and Fees:	€251
Accommodation	€305 sharing (with one other participant: Full Board).
	€425 single room.

Two week Course:	**01 - 16 July 2010**
Tuition and Fees:	€494
Accommodation:	€545 sharing (with one other participant: Full Board).
	€740 single room.

Separate application forms available
Phone: 091 595101 / 595038

Cúrsaí do spriocghrúpaí ar leith / Courses for Special Purposes

Dioplóma Iarchéime san Oideachas (Oiliúint don Bhunmhúinteoireacht)

03 - 05 Nollaig 2010

Táillí Teagaisc:	**€125**
Lóistín Iomlán don Deireadh Seachtaine	
Ag roinnt seomra	€90
Seomra singil	€110

Tá foirmeacha iarratais ar leith ar fáil.
Fón: 091 595101 / 595038

Postgraduate Diploma in Education (Primary Teacher Training)

03 - 05 December 2010

Tuition and Fees:	**€125**
Accommodation (Full Board for Weekend)	
per person sharing	€90
single room	€110

Separate application forms available.
Phone: 091 595101 / 595038

Lóistín / Accommodation

Cuirtear lóistín iomlán (Bricfeasta, Lón, Dinnéar 3 chúrsa) ar fáil i dtithe príobháideacha nua–aimseartha an cheantair, le teaghlaigh a labhraíonn Gaeilge. Dá bharr seo, tugtar an-deis an teanga a shaibhriú, a shealbhú agus a bhuanú, agus éiríonn le go leor daoine líofacht a bhaint amach. (Uaireanta i gcásanna eisceachtúla nuair a bhíonn éileamh an-mhór ar lóistín bíonn orainn lóistín a eagrú in óstán nó i dteach ósta do roinnt rannpháirtithe ach cuirfear seo in iúl dóibh roimh ré).

Éarlais €100 riachtanach, nach n-aisíocfar (san áireamh sa táille iarratais €200). (Le baint as Táille an Chúrsa ag an gclárú)

Full board (which includes Full Irish Breakfast, Lunch, 3 Course Dinner) accommodation is arranged in modern private houses with Irish-speaking families. This provides a golden opportunity of acquiring, preserving or perfecting the language and has set many participants on the road to fluency in Irish. (At certain times of the year when there is high demand for accommodation, in exceptional circumstances, the accommodation provided may be in a hotel or a guest/public house but participants will be informed of this beforehand).

€100 deposit required, and is non-refundable. This deposit is included in the €200 application fee, and is credited against course fee on registration.

Táillí - Cúrsa Seachtaine	
(Lóistín Iomlán - le híoc le Bean an Tí)	
Ag roinnt seomra (le rannpháirtí amháin eile)	€205
Seomra Singil	€280
Ó oíche Dhomhnaigh (an suipéar san áireamh) go dtí tráthnóna Aoine (an lón san áireamh)	

Rate – One Week Course	
(Full Board - payable to Bean an Tí)	
Sharing (with one other participant)	€205
Single Room	€280
From Sunday evening (supper included) to Friday afternoon (lunch included)	

Táillí - Cúrsa Coicíse	
(Lóistín Iomlán - le híoc le Bean an Tí)	
Ag roinnt seomra (le rannpháirtí amháin eile)	€455
Seomra Singil	€635
Ó oíche Dhomhnaigh (an suipéar san áireamh) go dtí tráthnóna Aoine (an lón san áireamh)	

Rate – Two Week Course	
(Full Board - payable to Bean an Tí)	
Sharing (with one other participant)	€455
Single Room	€635
From Sunday evening (supper included) to Friday afternoon (lunch included)	

Cúrsaí eile / Other programmes

Dianchúrsa Míosa na nEachtrannach

16 Iúil - 13 Lúnasa 2010

Táillí Teagaisc:	€1110
Lóistín Iomlán:	€945 Ag roinnt seomra
	€1365 Seomra singil

Four week intensive course for non-Irish nationals
This course caters for Beginners, Elementary, Intermediate & Advanced.

16 July - 13 August 2010

Tuition and Fees:	€1110
Accommodation:	€945 full board, sharing
	€1365 full board, single room

Tuilleadh eolais / Further Information:
Summer School Office, National University of Ireland, Galway.
Fón: + 353 91 750304
Facs: + 353 91 525051
rphost: maire@oegaillimh.ie / summerschool@nuigalway.ie
www.nuigalway.ie/iss

Eolas Ginearálta

Tá tacaíocht iomlán na rannpháirtithe ag teastáil leis an tairbhe is fearr a bhaint as na dianchúrsaí i.e. is í an Ghaeilge is cóir a labhairt ar feadh an chúrsa. Le háit a chinntiú ar an gcúrsa, ní mór na foirmeacha iarratais a bheith ar ais in éineacht leis an éarlais trí seachtaine roimh thús an chúrsa.

Éarlais €200 nach n-aisíocfar (€100 táille lóistín san áireamh) agus a bhainfear as táille an chúrsa ag an gclárú. Is in Euro a íocfar na táillí agus na héarlaisí. Íocfar na táillí ina n-iomláine ar an gcéad mhaidin den chúrsa. Tá sé de cheart ag OÉ Gaillimh aon chúrsa a chur ar ceal de bharr easpa éilimh. Tabharfar na héarlaisí ar ais sa chás sin.

General Information

The participant's full co-operation is necessary to gain maximum benefit from intensive courses i.e. Irish to be spoken at all times. Completed application forms should be returned with deposit 3 weeks before course commencement date to guarantee a place on a course.

€200 non-refundable deposit required on application (including €100 accommodation deposit). (The deposit will be deducted from Course Fee on registration). All deposits and fees payable in Euro. Balance of Course Fee is to be paid on the first morning of the course. NUI Galway reserves the right to cancel any course on the basis of insufficient demand. Deposits will be refunded in such cases.

Tuilleadh eolais / Further information:

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Áras Mháirtín Uí Chadhain,
An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.
Fón (091) 595101/595038
Mary.niniadh@oegaillimh.ie

nó / or
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Áras Shorcha Ní Ghuairim, Carna, Co. na Gaillimhe.
Fón (095) 32834
Rphost: nora.uishuilleabhain@oegaillimh.ie

OÉ Gaillimh,
Bóthar na hOllscoile,
Gaillimh, Éire

T +353 91 524 411
D +353 91 495 064
F +353 91 494 565

www.oegaillimh.ie

Foirm Iarratais / Application Form

Ainm & Sloinne / Name _____

_____

Seoladh / Address _____

_____

_____

_____

Fón / Telephone _____

Ríomhphost / email _____

Náisiúntacht / Nationality _____

Dáta Breithe / Date of Birth _____

Slí Bheatha / Occupation _____

☐ **Fear / Male** ☐ **Bean / Female**

Is mian liom clárú (cuir tic ✓ sa bhosca cuí) / I wish to book (tick ✓ as appropriate)

Cúrsaí Seachtaine / One week courses

(A) 05 - 09 Aibreán / April 2010 ☐

(B) 28 Meitheamh / June - 02 Iúil / July 2010 ☐

(C) 05 - 09 Iúil / July 2010 ☐

(D) 30 Lúnasa / August - 03 Meán Fómhair / September 2010 ☐

Cúrsaí Coicíse / Two week courses

(E) 28 Meitheamh / June - 09 Iúil / July 2010 ☐

(F) 02 - 13 Lúnasa / August 2010 ☐

Oidhreacht Chultúrtha & Béaloideas / Irish Folklore & Cultural Heritage

(G) 29 Aibreán/April – 5 Bealtaine/May 2010 ☐

(H) 5 – 11 Lúnasa/ August 2010 ☐

Cúrsa Eile / Other Course

Ainm / Name _____

Dátaí / Dates _____

2010

Foirm Iarratais / Application Form

Léirigh d'eolas ar an nGaeilge trí thic a chur sna boscaí cuí.
Tick the appropriate boxes to describe your knowledge of Irish.

	beagán a little	réasúnta reasonable	go maith good	an-mhaith very good
Tuiscint / Understanding	☐	☐	☐	☐
Léitheoireacht / Reading	☐	☐	☐	☐
Labhairt / Speaking	☐	☐	☐	☐
Scríobh / Writing	☐	☐	☐	☐

Seolaim mar éarlais / I enclose, as deposit € _____

Lóistín / Accommodation

Ag roinnt / Sharing ☐ Seomra Singil / Single room ☐

Seol an fhoirm iarratais chomhlánaithe chuig: / Send the completed application form to:

Cúrsa A-F
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Áras Mháirtín Uí Chadhain
An Cheathrú Rua
Co. na Gaillimhe

Cúrsa G-H
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge,
Áras Shorcha Ní Ghuairim
Carna
Co. na Gaillimhe

2010